

## Ábhar

## Seachtain na nGiobal

### Téacs Léitheoireachta

**Litir ó Uachtarán Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chuig pobal na Gaillimhe faoi Sheachtain na nGiobal 2009.**

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



# Thar Fóir le linn Sheachtain na nGiobal

## Réamhobair

Beidh tú ag léamh litreach a scríobh Uachtarán Ollscoil na hÉireann Gaillimh i 2009 faoi mhí-iompar na mac léinn le linn Sheachtain na nGiobal san Ollscoil. Sula léann tú an litir, déan an réamhobair seo le do ghrúpa:

- Cén rud é Seachtain na nGiobal? Scríobhaigí dhá abairt a dhéanfadh cur síos uirthi.
- Cad a tharlaíonn le linn Sheachtain na nGiobal sa Choláiste seo?
- An nglacann tú féin páirt in imeachtaí a bhíonn ar siúl mar chuid de Sheachtain na nGiobal?
- An dóigh leat go n-ólann mic léinn an iomarca le linn na seachtaine sin?
- An bhfuil an t-ólachán tábhachtach i saol na mac léinn sa Choláiste seo?
- An eagraítear mórán ócáidí do mhic léinn nach mbíonn deoch mar chuid lárnach díobh?

Sa litir a bheidh á léamh agat, beidh Uachtarán na hOllscoile ag gabháil leithscéil le muintir na Gaillimhe toisc mic léinn a d'imigh thar fóir. Bí ag obair leis an duine in aice leat chun trí abairt a shamhlaíonn sibh a scríobh sé a chumadh. Cuirigí bhur gcuid abairtí i gcomparáid le habairtí grúpaí eile sa rang agus tugaigí aiseolas dá chéile.

## Léamh

Anois léigh an litir. Ar dtús déan sracléamh uirthi – ná caith níos mó ná 60 soicind á léamh. Cad a thug tú leat sa léamh sin? Ansin déan léamh níos mine ach ná bí buartha faoi gach focal a thuiscint. Cad iad na ráitis as na cinn seo a leanas atá fíor?

	Fíor	Bréagach
An aidhm atá le Seachtain na nGiobal ná airgead a bhailiú do charthanais.		
Cuireann an Ollscoil in iúl do mhic léinn gach bliain go bhfuil sé tábhachtach a bheith ciallmhar faoin méid a ólann siad.		
Tá an Ollscoil sásta leis an síneadh ar uaireanta oscailte sna tithe tábhairne.		
Bhí na clubanna oíche sásta comhoibriú leis an Ollscoil.		

Léigh an litir arís agus faigh an leagan Gaeilge de na frásaí seo a leanas, ach ar dtús féach cé mhéad díobh atá ar eolas agat gan féachaint ar an litir:

1. in light of these events

2. excessive drinking
3. unsafe, unruly and anti-social behaviour
4. treats such breaches of conduct very seriously
5. fundraising for charitable causes
6. alcohol policy
7. special offers
8. publicans
9. off-licence
10. regular nightclub hours
11. in spite of the University's best efforts

## Feasacht Teanga

- Féach ar na frásaí thíos agus pléigh an ghramadach atá iontu leis an duine in aice leat. Cad é an difear idir samplaí 1-3 agus samplaí 4-7?

1. Comhaltas na Mac Léinn
2. Seachtain na nGiobal
3. i bhfianaise na n-eachtraí
4. i gcaitheamh na seachtaine
5. féilire na hOllscoile
6. cathair na Gaillimhe
7. aidhm na seachtaine

- Anois féach ar an bhfrása seo – cén ghramadach atá ann?

sláinte na mac léinn agus an phobail

- An dtuigeann tú céard is lagiolra agus tréaniolra ann? Cén bhaint atá ag na hiolraí seo leis an tuiséal ginideach iolra? Nuair atá tú sásta go dtuigeann tú an patrún atá i gceist, líon isteach an ghreille seo. Tá an chéad cheann déanta:

	<b>iolra</b>	<b>lag nó tréan</b>	<b>ginideach</b>
fear	fir	lag	hataí na bhfear
peann			costas na b_____
leathanach			uimhreacha na _____
aiste			teidil na n-_____
leabhar			údair na _____
teideal			litriú na d _____
údar			ainmneacha na n-_____
ríomhaire			scáileáin na _____

coláiste			mic léinn na g _____
seachtain			fad na _____
guthán			uimhreacha na n_____

- Cén fáth a bhfuil séimhiú ar na haidiachtaí thíos as an litir?

iompraíocht chontúirteach, dhosmachtaíthe agus fhrithshóisialta

- Féach ar na focail thíos as an litir agus na focail in aice leo atá cosúil leo ó thaobh litrithe nó fuaimnithe de. Bí ag obair leis an duine in aice leat chun an difear eatarthu a léiriú.

todhchaí	sochaí		
cúis aiféala	áiféis		
i bhfianaise	fianaise		
cinneadh	cine	coinne	
is léir	go léir		
i gcomhar le	comhairle	i gcomhair	cóir
in iúl	Iúil		

- Conas a dhéanfa fuaimniú ar ‘Seachtain na n**Gi**obal’?

Cothaíonn an fhuaim ‘ng’ deacrachtaí uaireanta – bain triail as na cinn seo:

i nGaillimh	stáisiún na nGardaí
i nGarraí na dTor	abairt i nGaeilge
i nGearmáinis	i nGaeltacht Mhúsraí

- ‘d’fhoireann’      ‘d’fhéilire’

Conas a déarfá na frásaí seo i nGaeilge: *my man, my answer, your husband, my team, my tooth*. Anois déan an cleachtadh arís leis na pearsana eile.

## Iarobair

- Obair ghrúpa (triúr sa ghrúpa): Sibhse na mic léinn a tharraing an droch-chlú ar an Ollscoil trí bheith ar meisce ar fud chathair na Gaillimhe! Caithfidh sibh freagra a scríobh ar litir an Uachtaráin. Ní gá a bheith ródháiríre!  
nó
- Obair ghrúpa (ceathrar sa ghrúpa): Tá sibh chun páirt a ghlacadh i ndíospóireacht dar teideal ‘Seachtain na nGiobal – leithscéal chun an iomarca a ól’. Bíodh beirt i bhfabhar agus beirt i gcoinne. Caithigí tamall roimh ré ag ullmhú argóintí.  
nó
- Obair ghrúpa (ceathrar sa ghrúpa): Tá beirt agaibh ag déanamh margaíochta ar shraith oícheanta sóisialta dar teideal ‘oícheanta sóisialta gan deoch – níos mó

spraoi!’ Tá sibh ag iarraidh dul i bhfeidhm ar Aontas na Mac Léinn chun urraíocht a fháil don tsraith. Is iad an bheirt eile sa ghrúpa an bheirt ionadaithe ón Aontas agus níl siad cinnte faoin bplean seo – beidh siadsan ag argóint ina choinne.

## Téacs

Dé Céadaoin, 25 Feabhra 2009

Bhuail comhaltaí d'fhoireann bhainistíochta shinsearach OÉ Gaillimh le hUachtarán Chomhaltas na Mac Léinn aréir le todhchaí Sheachtain na nGiobal san Ollscoil a phlé mar gheall ar roinnt eachtraí ar cúis aiféala iad a thit amach i gcaitheamh na seachtaine.

I bhfianaise na n-eachtraí seo, tá cinneadh déanta ag OÉ Gaillimh nach bhfuil an Ollscoil sásta a thuilleadh tacú le Seachtain na nGiobal agus ní áireofar Seachtain na nGiobal mar chuid d'Fhéilire na hOllscoile feasta.

Ba mhaith leis an Ollscoil leithscéal a ghabháil le daoine atá ina gcónaí i gCathair na Gaillimhe ar chuir gníomhaíochtaí na mac léinn as dóibh i gcaitheamh na seachtaine.

Cúis aiféala é gur bhain mic léinn áirithe mí-úsáid as aidhm na seachtaine seo – airgead a bhailiú do charthanais – ar mhaithe leis an iomarca a ól, rud ba chionsiocair le hiompraíocht chontúirteach, dhosmachtaithe agus fhrithshóisialta. Ní ghlacann OÉ Gaillimh le hiompraíocht den chineál seo agus caitear lena leithéid de shárú iompraíochta go han-dáiríre.

Ba é an aidhm a bhí ag an Ollscoil riamh anall go mbeadh Seachtain na nGiobal dírithe ar airgead a bhailiú do charthanais éagsúla, agus is léir ó na gníomhaíochtaí fiúntacha ar fad atá eagraithe gurb é seo atá mar aidhm ag formhór na mac léinn freisin. Leanfaidh OÉ Gaillimh ag tacú le hiarrachtaí mhic léinn na hOllscoile airgead a bhailiú do charthanais agus tá an Ollscoil sásta oibriú i gcomhar le Comhaltas na Mac Léinn lena chinntiú nach ligtear an ghné dhearfach seo de shaol na hOllscoile i ndearmad.

Tá beartas alcóil ag OÉ Gaillimh a bhfuil sé mar aidhm leis an tábhacht a bhaineann le bheith ciallmhar faoin méid a óltar a chur in iúl do na mic léinn. Gach uile bhliain cuirtear an dainséar a bhaineann leis an iomarca alcóil a ól in iúl do mhic léinn. Ní chabhraíonn rudaí áirithe le hiarrachtaí na hOllscoile an teachtaireacht maidir le bheith ciallmhar faoin méid alcóil a óltar a chur in iúl do mhic léinn, alcól a bheith ar fáil ar lascaine i gcaitheamh na seachtaine, mar shampla. Measann OÉ Gaillimh go spreagann rudaí cosúil le tairiscintí speisialta agus síneadh a bheith le huaireanta oscailte áiteanna éagsúla i rith Sheachtain na nGiobal mic léinn áirithe leis an iomarca alcóil a ól.

Sheol an Ollscoil comhfhreagras chuig Tábhairneoirí, Úinéirí Clubanna Oíche agus Eisceadúnas dhá bhabhta i rith na bliana ag lorg comhoibriú uathu i rith Sheachtain na nGiobal. Ar an drochuair, d'ainneoin iarrachtaí na hOllscoile, ní raibh roinnt clubanna oíche sásta comhoibriú leis an Ollscoil agus chinn siad imeachtaí a reáchtáil i rith na seachtaine lasmuigh de ghnáthuaireanta oscailte na gclubanna oíche.

Ar mhaithe le sláinte na mac léinn agus an phobail, níl OÉ Gaillimh sásta a thuilleadh tacú le gníomhaíochtaí ar bith atá eagraithe mar chuid de Sheachtain na nGiobal.

James J. Browne, Ph.D., D.Sc., MRIA, C. Eng. (Uachtarán).